# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## STAIDÉAR GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
## ROINN B
**(300 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH 2003 - MAIDIN, 9.30 a.m. - 12.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **Cúig cheist ar bith le freagairt.**
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair. Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí. Is ceadmhach áireamhán a úsáid.

1. **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

Seo thíos buiséad Mhuintir Bhroin do na ceithre mhí dheiridh de 2003:

Ba é an tAirgead Tosaigh ar láimh ná €960.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Liam Ó Broin €2,500 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas de €800 i Mí Dheireadh Fómhair.
- Tuilleann Carol Uí Bhroin €2,750 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le bónas Nollag de €500 i Mí na Nollag.
- Is é an liúntas leanaí ná €530 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Ardófar an morgáiste tí atá €950 in aghaidh na míosa faoi láthair de €50 in aghaidh na míosa ó 1 Mí na Samhna 2003.
- Tá an phréimh árachais tí, €660 **in aghaidh na bliana**, iníoctha **go míosúil** ó Mhí Mheán Fómhair.
- Is é árachas gluaisteáin bliantúil Liam ná €785. Is é árachas gluaisteáin bliantúil Charol ná €640. Tá an dá cheann iníoctha i Mí Dheireadh Fómhair.
- Is iad na costais teaghlaigh de ghnáth ná €1,200 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí na Nollag nuair a bheidh siad €1,000 **níos mó**.
- Beidh costais reatha ghluaisteáin de €250 in aghaidh na míosa ar Liam agus €295 ar Charol.
- Cosnóidh leabhair scoile don teaghlach €800 i Mí Mheán Fómhair.
- Ceaptar gur €340 i Mí Dheireadh Fómhair agus €570 i Mí Nollag a bheidh ar bhillí BSL do theas agus do sholas agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €850 i Mí na Samhna.
- Ceaptar go mbeidh €250 i Mí Mheán Fómhair **agus** i Mí na Samhna ar bhillí teileafóin don teach agus beidh €195 in aghaidh na míosa ar theileafóin ghluaiseachta don teaghlach go léir.
- Cosnóidh bronntanais do chóisirí lá breithe €300 i Mí Mheán Fómhair agus €500 i Mí Dheireadh Fómhair agus cosnóidh Bronntanas Nollag €3,000.
- Cosnóidh siamsaíocht €600 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí na Nollag nuair a chosnóidh sé €950 **breise**.

**(A)** Comhlánaigh go hiomlán an fhoirm bhán do bhuiséad teaghlaigh (ar leathanach 7 de Roinn A) ag baint úsáide as na figiúir ar fad thuas. (50)

**(B)** Mínigh cad is ciall le "**Morgáiste Tí**". Scríobh do fhreagra sa spás atá ar fáil. (5)

**(C)** Tá ticéid do chluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ceannaithe ag Muintir Bhroin. Abair cé acu an bhfuil an caiteachas seo seasta, neamhrialta nó roghnach. (5)

**(60 marc)**

**2.** **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha & Clár Comhardaithe**
*(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

Is cuideachta é Fenton Tta. a bhfuil Caipiteal Údaraithe de 500,000 Gnáthscaireanna aici ar €1 an ceann.Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas amach as a cuid leabhar ar 31 Nollaig 2002, deireadh na bliana airgeadais aici.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2003** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar airgead síos | | 550,500 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim le hAthdhíol | 376,250 | |
| Carraeireacht Isteach | 4,500 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2002 | 102,000 | |
| Cíos agus Rátaí | 33,250 | |
| Teileafón | 4,380 | |
| Pánna | 48,690 | |
| Teas agus Solas | 12,450 | |
| Fógraíocht | 15,230 | |
| Díbhinn Íoctha | 37,500 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 9,500 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 7,750 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 350,250 |
| Innealra agus Trealamh | 148,000 | |
| Mótarfheithiclí | 120,250 | |
| | 910,250 | 910,250 |

Ba é an stoc deiridh ar 31 Nollaig 2002 ná €97,400.

**(A)** Ó na figiúirí thuas ullmhaigh **Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2002 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (45)

**(B)** Mínigh cad is ciall le "Rótharraingt Bhainc". (5)

**(C)** Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Síos ar Brabús Comhlán iad? Taispeáin do chuid oibriúchán. (10)

**(60 marc)**

**3.** **Freagair (A), (B) agus (C). Baineann an cheist seo le tomhaltóirí agus le litir a scríobh**
*(Le déanamh i do fhreagarleabhar)*

Is úinéir Stór Earraí Leictreacha Mhuintir Evans ag 22 Sráid na Siopaí, Muineachán, é Conchúr Evans. Ar an Satharn, 15ú Márta 2003, dhíol sé cócaireán micreathoinne le custaiméir ar €250. Chuir an custaiméir glaoch teileafóin ar Chonchúr trí lá ina dhiaidh sin ag cur in iúl dó nach raibh oigheann an chócaireáin ag obair i gceart. "Múchann sé uaidh féin tar éis 20 soicind agus ní mór an t-am a shocrú arís," a dúirt sí. "Tabharfaidh mé ar ais go dtí an siopa é Dé Sathairn seo chugainn."

Toisc nach raibh Conchúr cinnte faoi conas an gearán a láimhseáil, ghlaoigh sé ar a chara, Cáit Ní Ógáin, atá ina cónaí i gCaisleán Seáin, Co. Mhuineacháin, ag lorg comhairle uaithi. Dúirt Cáit go ndéanfadh sí smaoineamh faoi agus go scríobhfadh sí chuige.

Ar 19ú Márta 2003, scríobh Cáit litir chuig Conchúr. Dúirt sí leis go bhféadfadh sé nóta creidmheasa ar €250 a thairiscint don chustaiméir ach gur dócha nach nglacfadh an custaiméir leis sin. Ansin liostáil sí trí shlí eile chun an fhadhb a láimhseáil agus chuir sí in iúl do Chonchúr go gcaithfeadh an custaiméir glacadh le ceann díobh. Chuir sí críoch lena litir á rá le Conchúr go mba cheart dó a bheith béasach leis an gcustaiméir i gcónaí.

**(A)** Scríobh an litir a chuir Cáit Ní Ógáin chuig Conchúr Evans ar 19ú Márta 2003. (40)

**(B)** Mínigh go hachomair cad is ciall le Tobcheannach. (5)

**(C)** Tá daoine agus áisíneachtaí ann a bhfuil mar chúram orthu tomhaltóirí a chosaint agus cabhair agus comhairle a thairiscint nuair a bhíonn fadhb acu. Ainmnigh **triúr** de na daoine nó **trí cinn** d'áisíneachtaí agus scríobh cuntas gearr (abairt amháin i ngach cás) faoi conas a chabhraíonn siad leis an gcustaiméir. (15)

**(60 marc)**



THALL →

**4.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D, E). Baineann an cheist seo le cuntas bainc a úsáid**
*(Le déanamh ar leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

Cónaíonn Edel Uí Scanláin ag Faiche na hArdpháirce, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin. Tá Cuntas Reatha aici (Uimh. 33428157) ag Banc AIB, An Phríomhshráid, An tInbhear Mór. Is í Códuimhir Sortála an bhrainse ná 93-94-95. Ar 24 Aibreán 2003, d'íoc a fostaitheoir pá Edel de €370.64 díreach isteach ina Cuntas Reatha.

**(A)** Cén t-ainm a thugtar ar an gcóras faoina n-íoctar an pá díreach isteach i gcuntais fhostaithe? Freagair sa spás ar fáil ar leathanach 8. (6)

Ar 25 Aibreán 2003 fuair Edel seic ar €175 in airgead tirim mar bhronntanas lá breithe. Chuaigh sí go dtí an banc agus lóisteáil sí an t-iomlán isteach ina Cuntas Reatha ar an lá céanna.

**(B)** Comhlánaigh an Duillín Lóisteála as leathanach 8 de Roinn A. (13)

Ar 26 Aibreán 2003, d'íoc Edel €30.00 le seic le craobh an Inbhir Mhóir de Chumann Naomh Uinseann de Pól toisc gur theastaigh uaithi cabhrú le daoine áitiúla a bhí bocht. Thug an rúnaí, Micheál Ó Finn, admháil di.

**(C)** Comhlánaigh an admháil ar leathanach 8 de Roinn A. (10)

Ar 29 Aibreán 2003, chuaigh Edel go dtí a banc, chomhlánaigh sí Duillín Aistarraingthe agus d'aistarraing sí €100.00 in airgead tirim óna Cuntas Reatha.

**(D)** Comhlánaigh an Duillín Aistarraingthe ar leathanach 8 de Roinn A. (16)

Tá Edel ag beartú ríomhaire nua agus printéir a cheannach a chosnódh thart ar €1,500.00. Tá dhá rogha aici:

(i) An t-airgead a fháil ar iasacht ón mbanc.
(ii) An t-airgead a choigilt.

**(E)** Cén chomhairle a chuirfeá uirthi? Scríobh dhá chúis le do fhreagra sa spás ar fáil ar leathanach 9 de Roinn A. (15)

**(60 marc)**

**5.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D). Is ceist í seo ar Dhoiciméid Ghnó**
*(Le freagairt sa spás atá tugtha ar leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A)*

Tá Aingeal Ní Bheoláin fostaithe sa Rannóg Díolacháin d'Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta., Páirc Thionsclaíoch na Coiribe. Ar 7 Bealtaine 2003 fuair sí an t-ordú seo a leanas:

# Ollstór Mhic Shuibhne Tta.

**ORDÚ Uimh. 4821**

**15 Bóthar de Híde, Roscomáin**

Teileafón: 0903-92466 Uimh. Chlár. CLB: IE 733425
Feacs: 0903-92477
r-phost: macsuibhne@glas.ie

6 Bealtaine 2003

An Bainisteoir Díolachán
Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta.
Páirc Thionsclaíoch na Coiribe
Gaillimh

**Cuir chugainn na hearraí seo a leanas le bhur dtoil:**

| CAINNÍOCHT | TUAIRISC | | PRAGHAS AN CEANN (€) |
|---|---|---|---|
| 500 | Cidona (1 líotar) | (Uimh. Liosta CD 101) | 1.40 |
| 250 | Cidona (2 líotar) | (Uimh. Liosta CD 201) | 2.60 |
| 1,500 | Coca Cola (bheag) | (Uimh. Liosta CC 521) | 0.75 |
| 400 | Fanta Orange (1 líotar) | (Uimh. Liosta OF 442) | 0.90 |
| | Sínithe: | *John Sweeney* | |
| | Teideal: | Bainisteoir Ceannachán | |

Tá na hearraí a ordaíodh ar láimh, seachas an tOráiste Fanta. Déanann Aingeal na míreanna eile go léir a phacáil len iad a sheoladh amach. Déantar amach Sonrasc (Uimh. 2836).

Cuireann Aingeal in iúl do Sheán Mac Suibhne ag Ollstór Mhic Shuibhne Tta. go bhfuil siad rite as Oráiste Fanta faoi láthair ach go ndéanfaí na hearraí a ordaíodh a sheachadadh an mhaidin dár gcionn (8 Bealtaine 2003). Insíonn sí do Sheán freisin costas iomlán na n-earraí atá á seachadadh.

Tagann na hearraí go dtí Ollstór Mhic Shuibhne Tta. an lá dár gcionn i veain seachadtha. Tugann an tiománaí Sonrasc (Uimh. 2836) do Sheán agus Nóta Seachadta.

**(A)** Cén fáth a n-úsáidtear Nóta Seachadta? Freagair sa spás atá ar fáil ar leathanach 10 de Roinn A. (6)

**(B)** Leis na sonraí thuas comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 2836. Tabhair faoi deara go mbaineann Lascaine Trádála de 25% leis na hearraí go léir agus CBL de 20% leis na hearraí go léir. (30)

Tar éis na hearraí a sheiceáil, tugann Seán Mac Suibhne seic (Uimh. 400916) ar an méid iomlán don tiománaí agus é sínithe aige féin le tabhairt ar ais go dtí Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta.

**(C)** Comhlánaigh Seic Uimh. 400916 ag baint úsáide as an seic folamh agus an comhdhuille ar leathanach 11 de Roinn A. (18)

**(D)** Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Ollstór Mhic Shuibhne Tta. (*Bain úsáid as ceann **amháin** de na cuntais bhainc seo ar leathanach 11 de Roinn A.*) (6)

**(60 marc)**

**6.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D). Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chumainn**
*(Le comhlánúi do fhreagarleabhar).*

Íocann baill Chumann Snámha Bhaile an Dúin síntiús bliantúil leis an gcumann. Reachtálann an cumann comórtais snámha go rialta do na baill agus íocann pá leis na gardaí tarrthála. Eagraíonn sé crannchuir freisin chun airgead a bhailiú.

Is mar seo a leanas a tharla ag an gclub i rith Mhí Bealtaine, 2003. (Is in airgead a bhíonn an déileáil ar fad):

| | | |
|---|---|---|
| 2003 | | |
| Bealtaine | 1 | Airgead ar láimh ón mhí seo caite €564 |
| | 2 | Íoctha as póstaeraí chun an crannchur a fhógairt €100 |
| | 3 | Íoctha as trófaithe do chomórtas snámha €125 |
| | 4 | Faighte táillí comórtais €185 |
| | 9 | Íoctha pá leis na gardaí tarrthála €300 |
| | 12 | Faighte airgead ó dhíolachán ticéad crannchuir €850 |
| | 14 | Faighte síntiúis bhliantúla ó na baill €530 |
| | 15 | Íoctha as duaiseanna don chrannchur €295 |
| | 16 | Faighte airgead ón díolachán ticéad crannchuir €750 |
| | 17 | Ceannaithe duaiseanna do chomórtas snámha €240 |
| | 18 | Faighte táillí iontrála comórtais ó 60 ball ar €5 an duine |
| | 23 | Íoctha pá leis na gardaí tarrthála €300 |
| | 29 | Faighte síntiúis bhliantúla ó na baill €740 |

**(A)** Is tusa cisteoir Chumann Snámha Bhaile an Dúin. Breac go hiomlán agus comhardaigh Cuntas Admhálacha agus Íocaíochtaí Miondealaithe an chumainn do Mhí Bealtaine 2003. Bain úsáid as na ceannteidil colún miondealaithe seo a leanas:

Taobh na nAdmhálacha: Iomlán, Síntiúis, Comórtais agus Crannchur

Taobh na nÍocaíochtaí: Iomlán, Pá, Comórtais agus Crannchur. (40)

**(B)** Cén brabús (barrachas) a rinne an cumann ar chomórtais snámha don mhí? (4)

**(C)** Cén brabús (barrachas) a rinne an cumann ar an gcrannchur? (4)

**(D)** Luaigh **trí** cinn de na dualgais a bhíonn ar chisteoir cumainn. (12)

**(60 marc)**

**7.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D). Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas**
*(Le déanamh i do fhreagarleabhar)*

**(A)** Luaigh cúis amháin a bhfuil gá ag daoine a bhfuil tithe acu le polasaí árachais a thógáil amach. (9)

Bíonn cuid mhaith téarmaí i gceist nuair a bhítear ag plé le hárachas, ar nós **foirm thairisceana, polasaí, riosc, éileamh, cúiteamh** agus **foráil chaillroinnte.**

**(B)** Mínigh aon **trí cinn** de na téarmaí sin thuas a bhfuil líne fúthu. (18)

**(C)** Tá **Den Mheon Maith is Mó** riachtanach i gcúrsaí árachais. Mínigh cad is ciall leis agus luaigh cúis **amháin** a bhfuil tábhacht ag baint leis. (15)

Ba mhaith le Muintir Bhrógáin árachas de €250,000 a chur ar a dteach agus árachas de €90,000 a chur ar a bhfuil sa teach. Faigheann siad meastachán ó comhlacht árachais de €8 per €1000 ar an teach agus €15 per €1000 ar a bhfuil istigh ann.

**(D)** Ríomh costas iomlán na préimhe a bheadh le híoc acu. Taispeáin do chuid oibriúchán. (18)

**(60 marc)**

**8.** **Freagair (A), (B) agus (C) Baineann an cheist seo le Cártaí Creidmheasa agus Foirmeacha Iarratais**
(*Le comhlánú ar leathanaigh 11 agus 12 de Roinn A*)

Cónaíonn Aindriú Ó Dálaigh i dteach atá ar cíos ag 38 Bóthar na Sionainne, Luimneach, lena bhean agus a chlann. Is í an uimhir teileafóin atá acu ná 061-962853. Beidh Aindriú 40 bliain d'aois ar 26 Lúnasa 2003.

Tá Aindriú fostaithe mar mhúinteoir i gColáiste an Chonartha, Luimneach le 18 bliain. Tuilleann sé tuarastal comhlán de €3,500 in aghaidh na míosa.

Tá Cuntas Reatha aige (Uimh. 52537719) ag brainse An tSráid Ard, Luimneach, de Bhanc Náisiúnta Éireann ó 1990.

Is mian le hAindriú **Cárta Creidmheasa** a úsáid nuair a bhíonn sé ag ceannach earraí nó seirbhísí.

**(A)** Luaigh **dhá** chúis ar mhaith le hAindriú, b'fhéidir, úsáid a bhaint as cárta creidmheasa nuair a bheadh sé ag ceannach earraí nó seirbhísí. Freagair sa spás atá ar fáil ar leathanach 11 de Roinn A. (12)

Beartaíonn Aindriú Cárta Creidmheasa a fháil. Faigheann sé Foirm Iarratais ó Bhanc ANBM Tta.

**(B)** Comhlanaigh an Fhoirm Iarratais (ar leathanach 12 de Roinn A) ó **dháta an lae inniu**. (40)

**(C)** Sa spás atá ar fáil, luaigh fadhb **amháin** a d'fhéadfadh a bheith os comhair Aindriú dá n-úsáidfeadh sé a chárta creidmheasa ró-mhinic. (8)

**(60 marc)**

CUIMHNIGH **ROINN 'A'** A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.